COMHAD FÍRICÍ:
GCSE GAEILGE
Measúnú Rialaithe

Rewarding Learning

Léamh agus Scríobh (Tasc 1)

Torthaí Foghlama

Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeifeá ábalta:

- Smaointe agus barúlacha a chur in iúl i nGaeilge;
- Tuiscint a léiriú ar an topaic atá ullmhaithe agat;
- Eolas agus fíricí a thabhairt i ndiaidh duit taighde a dhéanamh ar an ábhar;
- Gaeilge chruinn a úsáid le linn an taisc agus tú ag ullmhú don tasc.

Achoimre

Tá tasc amháin le déanamh mar chuid den mheasúnú rialaithe. Tá 20% den GCSE Gaeilge ar fáil don tasc seo.

Léamh agus Scríobh:

Aiste shínte a scríobh (300–500 focal).

Sa tasc seo, beidh ort aiste shínte a scríobh ar ábhar áirithe. Athraíonn CCEA an t-ábhar go bliantúil. Beidh téama ag baint leis an tasc agus iarrtar ort comparáid agus codarsnacht idir dhá phíosa léitheoireachta (dánta, leabhair nó ailt) a dhéanamh i dtaca leis an téama sin. I ndiaidh duit teideal an taisc a fháil ón mhúinteoir ranga, beidh **uair go leith** agat chun an tasc a ullmhú faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Tá cead agat acmhainní éagsúla amhail foclóir, nótaí ranga, obair bhaile a úsáid agus tú ag déanamh réidh chun an tasc a chur le chéile.

Tá proforma 40 focal ceadaithe agat ar an lá a dhéanfaidh tú an tasc a scríobh. Beidh uair an chloig agat don tasc agus beidh cóip den dá phíosa litríochta ar fáil duit. Iarrfar ort proforma taighde a líonadh don tasc seo.

Déanfar measúnú ar an tasc de réir scéim marcála *(amharc ar shonraíocht GCSE Gaeilge)*.

Ábhair Mholta

Frásaí samplacha chun anailís a dhéanamh ar phíosa scríbhneoireachta:

- Sílim féin...
- Measaim féin
- Is é mo bharúil
- I mo thuairim
- Tá an teanga sa dán seo simplí ach éifeachtach...
- Sna dánta tugtar pictiúr dúinn...
- Tugann an file léargas dúinn ar...
- Cuirtear pictiúr os ar gcomhair de...
- Seo téama iontach coitianta ag an fhile ina chuid filíochta...
- Baineann an file úsáid as teicnicí amhail uaim...
- Tá téama an bhróin go mór idir lámha ag an fhile sa dán...
- Léirítear dúinn sna dánta seo...
- Thiocfadh liom ionbhá a léiriú leis an scríbhneoir...
- Is dócha go bhfuil ceacht le foghlaim againn...

Níl thuasluaite ach samplaí. Is é dualgas an mhúinteora é chun an tasc a mhíniú d'iarrthóirí. Déanfar measúnú ar an tasc de réir scéim marcála *(Sonraíocht GCSE Gaeilge)*.

© CCEA 2018